(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Bealtaine 1998

ag dréachtú, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Choinbhinsiúin maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe pointe (c) d'Airteagal K.3 (2) de,

De bhrí go measann na Ballstáit, d'fhonn cuspóirí an Aontais a ghnóthú, gur ábhair chomhleasa a thagann faoin gcomhar breithiúnach in ábhair shibbhialta dá bhforáiltear i dTeideal VI den Chonradh rialacha a leagan síos maidir le dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in imeachtaí a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil agus le pósadh a neamhniú agus rialacha a bhaineann le freagracht tuismitheora as na leanaí de chuid an dá chéile tráth imeachtaí maidir le pósadh,

Tar éis dearcadh Pharlaimint na hEorpa a scrúdú i ndiaidh don Uachtaránacht dul i gcomhairle léi i gcomhréir le hAirteagal K.6 den Chonradh [1],

TAR ÉIS A CHINNEADH go ndréachtaítear leis seo an Coinbhinsiún a bhfuil an téacs de san Iarscríbhinn agus atá sínthe ar an lá seo ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát,

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 1998.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. STRAW

---

[1] Tuairim tugtha ar an 30 Aibreán 1998.

IARSCRÍBHINN

COINBHINSIÚN

arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Choinbhinsiún seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT do Ghníomh ón gComhairle an 28 Bealtaine 1998 ag dréachtú, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Choinbhinsiúin maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh;

ÓS MIAN LEO rialacha a leagan síos chun dlínse chúirteanna na mBallstát a chinneadh maidir le himeachtaí a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil agus le pósadh a neamhniú;

ÓS FIOS DÓIBH a thábhachtaí atá sé rialacha dlínse a leagan síos a bhaineann le freagracht tuismitheora as na leanaí de chuid an dá chéile tráth imeachtaí chun cuing an phósta a dhíscaoileadh nó a scaoileadh;

ÓS MIAN LEO éascú na bhfoirmiúlachtaí a rialaíonn aithint agus forghníomhú na mbreithiúnas sin sa limistéar Eorpach a áirithiú;

AG MEABHRÚ DÓIBH na prionsabail ar a bhfuil Coinbhinsiún 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a síníodh sa Bhruiséil ar an 27 Meán Fómhair 1968 bunaithe;

DE BHRÍ go bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal K.3 (2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhféadfaidh coinbhinsiúin arna ndréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh sin a shonrú go mbeidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun a bhforálacha a léiriú de réis na rialacha mionsonraithe a fhéadfaidh siad a shainiú;

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

TEIDEAL I

RAON FEIDHME

Airteagal 1

1. Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo:

(a) maidir le himeachtaí sibhialta a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil nó le pósadh a neamhniú;

(b) maidir le himeachtaí sibhialta a bhaineann le freagracht tuismitheora as na leanaí de chuid an dá chéile tráth na n-imeachtaí maidir le pósadh dá dtagraítear in (a).

2. Measfar gur imeachtaí is coibhéiseach le himeachtaí breithiúnacha imeachtaí eile arna n-aithint go hoifigiúil i mBallstát. Folóidh an téarma 'cúirt' na húdaráis uile a bhfuil dlínse acu i leith na n-ábhar sin sna Ballstáit.

TEIDEAL II

DLÍNSE

ROINN I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 2

Colscaradh, idirscaradh dlíthiúil agus pósadh a neamhniú

1. In ábhair a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil nó le pósadh a neamhniú, beidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit:

(a) ar ar a chríoch:

— atá gnáthchónaí ar na céilí, no

— a bhí gnáthchónaí go deireanach ar na céilí, a mhéad atá cónaí ar cheachtar den dá chéile ansin fós, nó

— atá gnáthchónaí ar an bhfreagróir, no

— má dhéantar iarratas comhpháirteach, atá gnáthchónaí ar cheachtar den dá chéile, nó

— atá gnáthchónaí ar an iarratasóir má bhí cónaí air ansin ar feadh bliana ar a laghad díreach sula ndearnadh an t-iarratas, nó

— atá gnáthchónaí ar an iarratasóir má bhí cónaí air ansin ar feadh sé mhí ar a laghad díreach sula ndearnadh an t-iarratas agus más náisiúnach den Bhallstát i gceist é nó má 'sainchónaí' air ann;

(b) a bhfuil náisiúntacht an Bhallstáit sin ag an dá chéile nó a bhfuil 'sainchónaí an dá chéile' ann arna bhunú ar bhonn socair fadtéarmach.

2. Sonróidh gach Ballstát i ndearbhú arna dhéanamh tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 47 (2) a thabhairt an gcuirfidh sé i bhfeidhm critéar na náisiúntachta nó critéar an 'tsainchónaithe' dá dtagraítear i mír 1.

3. Chun críoch an Choinbhinsiúin seo, beidh ag 'sainchónaí' an bhrí chéanna atá aige faoi chórais dlí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Airteagal 3

Freagracht tuismitheora

1. Na cúirteanna de chuid Ballstáit a fheidhmíonn dlínse de bhua Airteagal 2 ar iarratas ar cholscaradh, ar idirscaradh dlíthiúil nó ar phósadh a neamhniú, beidh dlínse acu in ábhar a bhaineann le freagracht tuismitheora as leanbh de chuid an dá chéile nuair atá gnáthchónaí ar an leanbh sa Bhallstát sin.

2. Mura bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh sa Bhallstát dá dtagraítear i mír 1, beidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit sin in ábhar den sórt sin má tá gnáthchónaí ar an leanbh i gceann de na Ballstáit agus:

(a) má tá freagracht tuismitheora ag céile amháin ar a laghad i ndáil leis an leanbh; agus

(b) má tá an dá chéile tar éis glacadh le dlínse na cúirte agus más é barrleas an linbh é.

3. Scoirfidh an dlínse atá tugtha i míreanna 1 agus 2:

(a) a luaithe a bheidh an breithiúnas a cheadaíonn nó a dhiúltaíonn an t-iarratas ar cholscaradh, ar idirscaradh dlíthiúil nó ar phósadh a neamhniú tagtha chun bheith críochnaitheach; nó

(b) sna cásanna sin ina bhfuil imeachtaí i ndáil le freagracht tuismitheora ar feitheamh fós ar an dáta dá dtagraítear in (a), a luaithe a bheidh breithiúnas sna himeachtaí sin tagtha chun bheith críochnaitheach; nó

(c) a luaithe a bheidh deireadh ar chúis eile leis na himeachtaí dá dtagraítear in (a) agus (b).

Airteagal 4

Leanbh a fhuadach

Na cúirteanna a bhfuil dlínse acu de réir bhrí Airteagal 3, feidhmeoidh siad a ndlínse ar cothrom le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 maidir leis na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, agus go háirithe Airteagail 3 agus 16 de.

Airteagal 5

Frithéileamh

An chúirt ina bhfuil imeachtaí ar feitheamh ar bhonn Airteagail 2 go 4, beidh dlínse aici freisin chun frithéileamh a scrúdú, a mhéad a thagann an déanach faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 6

Idirscaradh dlíthiúil a thiontú ina cholscaradh

Gan dochar d'Airteagal 2, cúirt de chuid Ballstáit a bhfuil breithiúnas tugtha aici ar idirscaradh dlíthiúil, beidh dlínse aici freisin chun an breithiúnas sin a thiontú ina cholscaradh, má fhoráiltear amhlaidh i ndlí an Bhallstáit sin.

Airteagal 7

Cineál eisiach na dlínse faoi Airteagail 2 go 6

Ní fhéadfar céile:

(a) a bhfuil gnáthchónaí air ar chríoch Bhallstáit; nó

(b) is náisiúnach de Bhallstát nó a bhfuil a 'shainchónaí' aige ar chríoch Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 2 (2)

a agairt i mBallstát eile ach amháin i gcomhréir le hAirteagail 2 go 6.

Airteagal 8

Dlínse iarmharach

1. Mura bhfuil dlínse de bhun Airteagail 2 go 5 ag aon chúirt de chuid Ballstáit, is faoi dhlíthe an Bhallstáit sin a chinnfear an dlínse i ngach Ballstát.

2. I gcoinne freagróir nach bhfuil gnáthchónaí air a chríoch Bhallstáit nó nach náisiúnach de Bhallstát é nó nach bhfuil a 'shainchónaí' ar chríoch Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 2 (2), féadfaidh aon náisiúnach de chuid Ballstáit a bhfuil gnáthchónaí air ar chríoch Bhallstáit eile dul ar iontaoibh na rialacha dlínse is infheidhme sa Bhallstát sin faoi mar a théann náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

ROINN II

DLÍNSE AGUS INGHLACHTHACHT A SCRÚDÚ

Airteagal 9

Dlínse a scrúdú

Cúirt de chuid Ballstáit a dtabharfar os a comhair cás nach bhfuil dlínse aici ina leith faoin gCoinbhinsiún seo agus a bhfuil dlínse eisiach ina leith ag cúirt de chuid Ballstáit eile de bhua an Choinbhinsiúin seo, dearbhóidh sí uaithi féin nach bhfuil aon dlínse aici.

Airteagal 10

Inghlacthacht a scrúdú

1. Nuair nach dtaifeadann freagróir láithreas, cuirfidh an chúirt a bhfuil dlínse aici bac ar na himeachtaí fad nach suitear gur fhéad an freagróir doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad coibhéiseach a fháil in am trátha chun gurbh fhéidir leis socruithe a dhéanamh maidir lena chosaint, nó go ndearnadh gach céim is gá chuige sin.

2. Déanfar forálacha Airteagal 19 de Choinbhinsiún an 26 Bealtaine 1997 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm in ionad fhorálacha mhír 1, má ba ghá doiciméad tionscanta na n-imeachtaí a tharchur thar lear i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin.

ROINN III

LIS PENDENS AGUS CAINGNE SPLEÁCHA

Airteagal 11

1. Má dhéantar imeachtaí a thionscnamh idir na páirtithe céanna a bhfuil an chaingean chéanna i dtreis iontu os comhair cúirteanna de chuid Ballstát éagsúil, déanfaidh an dara cúirt ar tugadh os a comhair iad bac a chur ar a himeachtaí, uaithi féin, go dtí go suífear dlínse na chéad chúirte ar tugadh os a comhair iad.

2. Má dhéantar imeachtaí a thionscnamh idir na páirtithe céanna le haghaidh colscaradh, idirscaradh dlíthiúil nó pósadh a neamhniú nach bhfuil an chaingean chéanna i dtreis iontu os comhair cúirteanna de chuid Ballstát éagsúil, déanfaidh an dara cúirt ar tugadh os a comhair iad bac a chur ar a himeachtaí, uaithi féin, go dtí go suífear dlínse na chéad chúirte ar tugadh os a comhair iad.

3. Má shuitear dlínse na chéad chúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair, déanfaidh an dara cúirt ar tugadh os a comhair iad dlínse a dhiúltú i bhfabhar na chéad chúirte sin.

Sa chás sin, féadfaidh an páirtí a thug an chaingean ábhartha os comhair an dara cúirt ar tugadh an chaingean os a comhair an chaingean a thabhairt os comhair na chéad chúirte ar tugadh a chaingean os a comhair.

ROINN IV

BEARTA SEALADACHA AGUS BEARTA COSANTACHA

Airteagal 12

I gcásanna práinneacha, ní choiscfidh forálacha an Choinbhinsiúin seo na cúirteanna de chuid Ballstáit ar cibé bearta sealadacha, lena n-áirítear bearta cosantacha, atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit sin i leith daoine nó sócmhainní sa Bhallstát sin fiú más rud é, faoin gCoinbhinsiún seo, go bhfuil dlínse ag cúirt de chuid Ballstáit eile maidir le substaint an ábhair.

TEIDEAL III

AITHINT AGUS FORGHNÍOMHÚ

Airteagal 13

An bhrí atá le breithiúnas

1. Chun críoch an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn 'breithiúnas' colscaradh, idirscaradh dlíthiúil nó pósadh a

neamhniú arna chraoladh ag cúirt de chuid Ballstáit, mar aon le breithiúnas a bhaineann le freagracht tuismitheora na gcéilí arna thabhairt tráth imeachtaí den sórt sin maidir le pósadh, cibé ainm a thugtar ar an mbreithiúnas, lena n-áirítear foraithne, ordú nó breith.

2. Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo freisin maidir le méid chostais agus chaiteachais na n-imeachtaí faoin gCoinbhinsiún seo a chinneadh agus le haon ordú a fhorghníomhú a bhaineann leis na costais agus leis a gcaiteachas sin.

3. D'fhonn an Coinbhinsiún seo a chur chun feidhme, déanfar doiciméid atá tarraigthe suas nó cláraithe go foirmiúil mar ionstraimí barántúla agus atá infhorghníomhaithe i mBallstát amháin agus freisin socraíochtaí atá formheasta ag cúirt le linn imeachtaí agus atá infhorghníomhaithe sa Bhallstát inar tugadh i gcrích iad a aithint agus dearbhófar go bhfuil siad infhorghníomhaithe faoi na coinníollacha céanna leis na breithiúnais dá dtagbraítear i mír 1.

ROINN I

AITHINT

Airteagal 14

Breithiúnas a aithint

1. Déanfar breithiúnas arna thabhairt i mBallstát a aithint sna Ballstáit eile gan gur gá aon nós imeachta speisialta chuige sin.

2. Ní gá ach go háirithe agus gan dochar do mhír 3 aon nós imeachta speisialta chun taifid maidir le stádas sibhialta de chuid Ballstáit a thabhairt suas chun dáta ar bhonn breithiúnas arna thabhairt i mBallstát eile a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil nó le pósadh a neamhniú agus nach bhfuil inachomhairc a thuilleadh faoi dhlí a Bhallstáit sin.

3. Féadfaidh aon pháirtí leasmhar, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear i Ranna 2 agus 3 den Teideal seo, iarratas a dhéanamh ar bhreith maidir leis an mbreithiúnas a aithint nó gan é a aithint.

4. Nuair a ardaítear an cheist faoi bhreithiúnas a aithint mar cheist theagmhasach i gcúirt de chuid Ballstáit, féadfaidh an chúirt sin an tsaincheist a chinneadh.

Airteagal 15

Forais le neamhaithint

1. Ní aithneofar breithiúnas a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil nó le pósadh a neamhniú:

(a) má tá an aithint sin contrártha go follasach le beartas poiblí an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint;

(b) má tugadh an breithiúnas toisc gur mhainnigh an freagróir láithriú, mura ndearnadh doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad coibhéiseach a sheirbheáil go cuí ar an bhfreagróir in am trátha chun gurbh fhéidir leis socruithe a dhéanamh maidir lena chosaint, mura gcinnfear go bhfuil an freagróir tar éis glacadh leis an mbreithiúnas gan aon éideimhne;

(c) má tá an breithiúnas doréitithe le breithiúnas arna thabhairt in imeachtaí idir na páirtithe céanna sa Bhallstát ina n-iarrtar an aithint;

(d) má tá an breithiúnas doréitithe le breithiúnas arna thabhairt níos luaithe i mBallstát eile nó i Stát nach Ballstát idir na páirtithe céanna, ar chuntar go gcomhallann an breithiúnas arna thabhairt níos luaithe na coinníollacha is gá chun é a aithint sa Bhallstát ina n-iarrtar an aithint.

2. Ní aithneofar breithiúnas a bhaineann le freagracht tuismitheora na gcéilí arna thabhairt tráth na n-imeachtaí maidir le pósadh dá dtagraítear in Airteagal 13:

(a) má tá an aithint sin contrártha go follasach le beartas poiblí an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint ag féachaint do bharrleas an linbh;

(b) má tugadh é, ach amháin i gcásanna práinne, gan deis éisteachta a thabhairt don leanbh, de shárú ar phrionsabail bhunúsacha nós imeachta an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint;

(c) má tugadh an breithiúnas toisc gur mhainnigh an duine láithriú, mura ndearnadh doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad coibhéiseach a sheirbheáil go cuí ar an duine mainneachtana laithriú in am trátha chun gur féidir leis socruithe a dhéanamh maidir lena chosaint, mura gcinnfear go bhfuil an duine sin tar éis glacadh leis an mbreithiúnas gan aon éideimhne;

(d) arna iarraidh sin d'aon duine a éilíonn go sáraíonn an breithiúnas a fhreagracht tuismitheora má tugadh an breithiúnas gan deis éisteachta a thabhairt don duine sin;

(e) má tá an breithiúnas doréitithe le breithiúnas a bhaineann le freagracht tuismitheora arna thabhairt níos déanaí sa Bhallstát ina n-iarrtar an aithint; nó

(f) má tá an breithiúnas doréitithe le breithiúnas a bhaineann le freagracht tuismitheora arna thabhairt níos déanaí i mBallstát eile nó sa Stát nach Ballstát a bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh ann ar chuntar go gcomhallann an breithiúnas arna thabhairt níos

déanaí na coinníollacha is gá chun é a aithint sa Bhallstát ina n-iarrtar an aithint.

Airteagal 16

Neamhaithint agus fíorais a chinneadh

1. Thairis sin, ní aithneofar breithiúnas sa chás dá bhforáiltear in Airteagal 43.

2. Agus na forais dlínse sa chás dá dtagraítear i mír 1 á scrúdú aici, beidh an chúirt chun a ndéantar an t-iarratas faoi cheangal ag na cinntí fíorais a ndearna cúirt an Bhallstáit tionscnaimh a dlínse a bhunú orthu.

3. Gan dochar do mhír 1, ní fhéadfar léirmheas a dhéanamh ar dhlínse chúirt an Bhallstáit tionscnaimh. Ní fhéadfar tástáil an bheartais phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 15 (1), pointe (a), agus (2), pointe (a), a chur i bhfeidhm ar na rialacha maidir le dlínse atá leagtha amach in Airteagail 2 go 8.

Airteagal 17

Difríochtaí sa dlí is infheidhme

Ní fhéadfar aithint a dhiúltú do bhreithiúnas a bhaineann le colscaradh, le hidirscaradh dlíthiúil nó le pósadh a neamhniú toisc nach gceadaíonn dlí an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint sin colscaradh, idirscaradh dlíthiúil ná pósadh a neamhniú ar bhonn na bhfíoras céanna.

Airteagal 18

Neamhléirmheas maidir le substaint

Ní fhéadfar ar aon chúinse léirmheas a dhéanamh ar bhreithiúnas maidir lena shubstaint.

Airteagal 19

Bac ar imeachtaí

1. Ní fhéadfaidh cúirt de chuid Ballstáit ina n-iarrtar aithint do bhreithiúnas arna thabhairt i mBallstát eile bac a chur ar na himeachtaí má taisceadh gnáthachomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin.

2. Féadfaidh cúirt de chuid Ballstáit ina n-iarrtar aithint do bhreithiúnas arna thabhairt in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe bac a chur ar na himeachtaí má tá an forghníomhú curtha ar fionraí, mar gheall ar achomharc, sa Bhallstát tionscnaimh.

ROINN II

FORGHNÍOMHÚ

Airteagal 20

Breithiúnais infhorghníomhaithe

1. Déanfar breithiúnas maidir le freagracht tuismitheora a fheidhmiú i leith linbh de chuid an dá chéile arna thabhairt i mBallstát agus atá infhorghníomhaithe sa Bhallstát sin a fhorghníomhú i mBallstát eile nuair atá sé dearbhaithe, ar iarratas ó aon pháirtí leasmhar, go bhfuil sé infhorghníomhaithe sa Bhallstát eile sin.

2. Sa Ríocht Aontaithe, áfach, déanfar breithiúnas den sórt sin a fhorghníomhú i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, in Albain, nó i dTuaisceart Éireann nuair atá sé cláraithe, ar iarratas ó aon pháirtí leasmhar, lena fhorghníomhú sa chuid sin den Ríocht Aontaithe.

Airteagal 21

Dlínse na gCúirteanna áitiúla

1. Is chucu seo a dhéanfar an t-iarratas:

— sa Bheilg, an *tribunal de première instance* nó an *rechtbank van eerste aanleg* nó *erstinstanzliche Gericht*,

— sa Danmhairg, an *byret (fogedret)*,

— i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, an *Familiengericht*,

— sa Ghréig, an *Μονομελές Πρωτοδικείο*,

— sa Spáinn, an *Juzgado de Primera Instancia*,

— sa Fhrainc, uachtarán an *Tribunal de grande instance*,

— in Éirinn, an Ard-Chúirt,

— san Iodáil, an *Corte d'appello*,

— i Lucsamburg, uachtarán an *Tribunal d'arrondissement*,

— san Ísiltír, uachtarán an *arrondissementsrechtbank*,

— san Ostair, an *Bezirksgericht*,

— sa Phortaingéil, an *tribunal de Comarca* nó an *tribunal de família*,

— san Fhionlainn, *käräjäoikeus/tingsrätt*,

— sa tSualainn, an *Svea hovrätt*,

— sa Ríocht Aontaithe:

(a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, an *High Court of Justice*;

(b) in Albain, an *Court of Session*;

(c) i dTuaisceart Éireann, an *High Court of Justice*.

2. (a) Cinnfear dlínse cúirteanna áitiúla i ndáil le hiarratas ar fhorghníomhú faoi threoir na háite a bhfuil gnáthchónaí ar an duine a n-iarrtar an forghníomhú ina choinne nó faoi threoir na háite a bhfuil gnáthchónaí ar aon leanbh a mbaineann an t-iarratas leis.

(b) Mura féidir ceachtar den dá áit dá dtagraítear in (a) a aimsiú sa Bhallstát ina n-iarrtar an forghníomhú, cinnfear dlínse na gcúirteanna áitiúla faoi threoir áit an fhorghníomhaithe.

3. I ndáil leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14 (3), is faoi dhlí inmheánach an Bhallstáit a bhfuil na himeachtaí um aithint nó neamhaithint á dtionscnamh ann a chinnfear dlínse na gcúirteanna áitiúla.

Airteagal 22

Nós imeachta um fhorghníomhú

1. Beidh an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh faoi rialú ag dlí an Bhallstáit ina n-iarrtar an forghníomhú.

2. Ní foláir don iarratasóir seoladh a thabhairt le haghaidh seirbheála i limistéar dlínse na cúirte chun a ndéantar an t-iarratas. Ar a shon sin, mura bhforáiltear i ndlí an Bhallstáit ina n-iarrtar an forghníomhú gur gá seoladh den sórt sin a thabhairt, ceapfaidh an t-iarratasóir ionadaí *ad litem*.

3. Beidh na doiciméid dá dtagraítear in Airteagail 33 agus 34 i gceangal leis an iarratas.

Airteagal 23

Breith ón gCúirt

1. Tabharfaidh an chúirt chun a ndéantar an t-iarratas a breith gan mhoill. Ní bheidh an duine a n-iarrtar an forghníomhú ina choinne i dteideal ag an gcéim sin de na himeachtaí aon aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an iarratas.

2. Ní fhéadfar an t-iarratas a dhiúltú ach ar cheann de na cúiseanna atá sonraithe in Airteagail 15 agus 16.

3. Ní fhéadfar ar aon chúinse léirmheas a dhéanamh ar bhreithiúnas maidir lena shubstaint.

Airteagal 24

An bhreith a chur in iúl

Déanfaidh oifigeach iomchuí na cúirte, gan mhoill, an bhreith arna tabhairt ar an iarratas a chur in iúl don iarratasóir i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos i ndlí an Bhallstáit ina n-iarrtar an forghníomhú.

Airteagal 25

Achomharc i gcoinne na breithe um fhorghníomhú

1. Má údaraítear forghníomhú, féadfaidh an duine a n-iarrtar forghníomhú ina choinne achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe laistigh de mhí ó lá a seirbheála.

2. Má tá gnáthchónaí ar an duine sin i mBallstát seachas an Ballstát inar tugadh an bhreith a d'údaraigh forghníomhú, beidh tréimhse dhá mhí ann le haghaidh achomhairc agus rithfidh sí ó lá na seirbheála air féin go pearsanta nó ag a áit chónaithe. Ní féidir cur leis an tréimhse sin mar gheall ar fhad slí ó bhaile.

Airteagal 26

Cúirteanna achomhairc agus meáin chonspóide

1. Déanfar achomharc i gcoinne na breithe a d'údaraigh forghníomhú a thaisceadh i gcomhréir le rialacha an nós imeachta in ábhair chodarsnacha:

— sa Bheilg, sa *tribunal de première instance* nó *rechtbank van eerste aanleg* nó *erstinstanzliche Gericht*,

— sa Danmhairg, sa *landsret*,

— i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, san *Oberlandesgericht*,

— sa Ghréig, san *Εφετείο*,

— sa Spáinn, san *Audiencia Provincial*,

— sa Fhrainc, sa *Cour d'appel*,

— in Éirinn, san Ard-Chúirt,

— san Iodáil, sa *Corte d'appello*,

— i Lucsamburg, sa *Cour d'appel*,

— san Ísiltír, san *arrondissementsrechtbank*,

— san Ostair, sa *Bezirksgericht*,

— sa Phortaingéil, sa *Tribunal da Relação*,

— san Fhionlainn, i *hovioikeus/hovrätt*,

— sat tSualainn, sa *Svea hovrätt*,

— sa Ríocht Aontaithe:

(a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, sa *High Court of Justice*;

(b) in Albain, sa *Court of Session*;

(c) i dTuaisceart Éireann, sa *High Court of Justice*.

2. Ní féidir an bhreith arna tabhairt ar an achomharc a chonspóid ach amháin:

— sa Bheilg, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil, i Lucsamburg agus san Ísiltír, trí achomharc chuig an gcúirt uachtarach achomhairc,

— sa Danmhairg, trí achomharc chuig an *Højesteret*, le cead ón *Procesbevillingsnævnet*,

— i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, trí *Rechtsbeschwerde*,

— in Éirinn, trí achomharc ar phointe dlí chuig an gCúirt Uachtarach,

— san Ostair, trí *Revisionsrekurs*,

— sa Phortaingéil, trí *recurso restrito à matéria de direito*,

— san Fhionlainn, trí achomharc chuig *korkein oikeus/högsta domstolen*,

— sa tSualainn, trí achomharc chuig an *Högsta domstolen*,

— sa Ríocht Aontaithe, trí aon achomharc amháin eile ar phointe dlí.

Airteagal 27

Bac a chur le himeachtaí

1. Féadfaidh an chúirt lena dtaisctear an t-achomharc, ar iarratas ón achomharcóir, bac a chur leis na himeachtaí i gcás gnáthachomharc i gcoinne na breithe a bheith taiscthe sa Bhallstát tionscnaimh nó mura bhfuil an tréimhse le haghaidh achomhairc den sórt sin dulta in éag fós. Sa chás deiridh sin, féadfaidh an chúirt a shonrú cad é an tréimhse le haghaidh achomharc den sórt sin a thaisceadh.

2. Más in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe a tugadh an bhreith, measfar aon chineál achomhairc is indéanta sa Bhallstát tionscnaimh a bheith ina ghnáthachomharc chun críoch mhír 1.

Airteagal 28

Cúirt achomhairc i gcoinne breithe ag diúltú forghníomhú

1. Má dhiúltaítear an t-iarratas ar fhorghníomhú, féadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh:

— sa Bheilg, chuig an *cour d'appel* nó an *hof van beroep*,

— sa Danmhairg, chuig an *landsret*,

— i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, chuig an *Oberlandesgericht*,

— sa Ghréig, chuig an *Εφετείο*,

— sa Spáinn, chuig an *Audiencia Provincial*,

— sa Fhrainc, chuig an *Cour d'appel*,

— in Éirinn, chuig an Ard-Chúirt,

— san Iodáil, chuig an *Corte d'appello*,

— i Lucsamburg, chuig an *Cour d'appel*,

— san Ísiltír, chuig an *gerechtshof*,

— san Ostair, chuig an *Bezirksgericht*,

— sa Phortaingéil, chuig an *Tribunal da Relação*,

— san Fhionlainn, chuig *hovioikeus/hovrätten*,

— sa tSualainn, chuig an *Svea hovrätt*,

— sa Ríocht Aontaithe:

(a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, chuig an *High Court of Justice*;

(b) in Albain, chuig an *Court of Session*;

(c) i dTuaisceart Éireann, chuig an *High Court of Justice*.

2. Cuirfear toghairm ar an duine a n-iarrtar forghníomhú ina choinne láithriú os comhair na cúirte achomhairc. Mura láithreoidh an duine sin, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 10.

Airteagal 29

An bhreith achomhairc a chonspóid

Ní féidir breith arna tabhairt ar achomharc dá bhforáiltear in Airteagal 28 a chonspóid ach amháin:

— sa Bheilg, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil, i Lucsamburg agus san Ísiltír, trí achomharc chuig an gcúirt uachtarach achomhairc,

— sa Danmhaird, trí achomharc chuig an *Højesteret*, le cead ón *Procesbevillingsnævnet*,

— i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, trí *Rechtsbeschwerde*,

— in Éirinn, trí achomharc ar phointe dlí chuig an gCúirt Uachtarach,

— san Ostair, trí *Revisionsrekurs*,

— sa Phortaingéil, trí *recurso restrito à matéria de direito*,

— san Fhionlainn, trí achomharc chuig *korkein oikeus/högsta domstolen*,

— sa tSualainn, trí achomharc chuig *Högsta domstolen*,

— sa Ríocht Aontaithe, trí aon achomharc amháin eile ar phointe dlí.

Airteagal 30

Forghníomhú páirteach

1. Má tugadh breithiúnas i leith ábhar éagsúil agus nach féidir forghníomhú a údarú ina dtaobh go léir,

déanfaidh an chúirt forghníomhú a údarú i gcás ábhair amháin nó níos mó díobh.

2. Féadfaidh iarratasóir forghníomhú páirteach ar bhreithiúnas a iarraidh.

Airteagal 31

Cúnamh dlíthiúil

1. Iarratasóir ar tugadh dó go hiomlán nó go páirteach, sa Bhallstát tionscnaimh, cúnamh dlíthiúil nó díolúine ó chostais nó ó chaiteachas, beidh sé i dteideal, sna nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagail 21 go 24, tairbhiú den chúnamh dlíthiúil is fabhraí nó den díolúine is fairsinge ó chostais nó ó chaiteachas dá bhforáiltear i ndlí Bhallstáit iarrtha.

2. Ach féadfaidh iarratasóir a iarrann forghníomhú ar bhreithiúnas arna thabhairt ag údarás riarthach sa Danmhairg tairbhiú, sa Bhallstát iarrtha, d'fhorálacha mhír 1 má thíolacann sé ráiteas ó Aireacht Dlí agus Cirt na Danmhairge á rá go gcomhallann sé na ceanglais eacnamaíocha is gá chun bheith cáilithe le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil nó díolúine ó chostais nó ó chaiteachais go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 32

Urrús, banna ná taisce

Ní féidir urrús, banna ná taisce, cibé tuairisc atá orthu, a éileamh ar pháirtí a iarrann forghníomhú i mBallstát amháin ar bhreithiúnas arna thabhairt i mBallstát eile ar an bhforas gur náisiúnach eachtrach é ná ar an bhforas nach bhfuil 'sainchónaí' ná gnáthchónaí air sa Bhallstát ina n-iarrtar an forghníomhú.

ROINN III

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 33

Doiciméid

1. Déanfaidh páirtí a iarrann nó a chonspóideann aithint nó a dhéanann iarratas ar bhreithiúnas a fhorghníomhú na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird:

(a) cóip den bhreithiúnas a chomhallann na coinníollacha is gá chun a barántúlacht a shuíomh;

(b) más iomchuí, doiciméad a thaispeánann go bhfuil cúnamh dlíthiúil á fháil ag an iarratasóir sa Bhallstát tionscnaimh.

2. Fairis sin, i gcás breithiúnais mhainneachtana, déanfaidh an páirtí a iarrann aithint nó a dhéanann iarratas ar bhreithiúnas a fhorghníomhú na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird:

(a) an chóip bhunaidh nó cóip dhílis dheimhnithe den doiciméad a shuíonn gur seirbheáladh doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad coibhéiseach ar an bpáirtí mainneachtana; nó

(b) aon doiciméad a shonraíonn go bhfuil an cosantóir tar éis glacadh leis an mbreithiúnas gan aon éideimhne.

3. Déanfaidh duine a iarrann taifid de chuid Ballstáit maidir le stádas sibhialta a thabhairt suas chun dáta, dá dtagraítear in Airteagal 14 (2), doiciméad a thabhairt ar aird freisin a shonraíonn nach bhfuil an breithiúnas inachomhairc a thuilleadh faoi dhlí an Bhallstáit inar tugadh an breithiúnas.

Airteagal 34

Doiciméid eile

Déanfaidh páirtí a iarrann forghníomhú doiciméid d'aon chineál a thabhairt ar aird a shuíonn go bhfuil an breithiúnas infhorghníomhaithe, agus gur seirbheáladh é, de réir dhlí an Bhallstáit tionscnaimh.

Airteagal 35

Doiciméid a bheith in easnaham

1. Mura dtabharfar ar aird na doiciméid atá luaite i bpointe (b) d'Airteagal 33 (1) nó in Airteagal 33 (2), féadfaidh an chúirt tréimhse a shonrú chun iad a thabhairt ar aird, nó glacadh le doiciméid choibhéiseacha, nó déanamh d'éagmais na ndoiciméad má mheasann sí go bhfuil a sáith faisnéise os a comhair.

2. Cuirfear aistriúchán ar na doiciméid sin ar fáil má éilíonn an chúirt é. Ní foláir an t-aistriúchán a bheith deimhnithe ag duine atá cáilithe chuige sin i gceann de na Ballstáit.

Airteagal 36

Dlítheanú nó foirmiúlacht chomhchosúil

Ní gá aon dlítheanú ná aon fhoirmiúlacht chomhchosúil i leith na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 33, 34 nó 35 (2), ná i leith doiciméid ag ceapadh ionadaí *ad litem*.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Airteagal 37

1. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Choinbhinsiúin seo ach maidir le himeachtaí dlíthiúla arna dtionscnamh, le doiciméid arna dtarraingt suas go foirmiúil nó arna gclárú mar ionstraimí barántúla agus le socraíochtaí arna bhformheas ag cúirt i gcúrsa imeachtaí tar éis a theacht i bhfeidhm sa Bhallstát tionscnaimh agus, má iarrtar breithiúnas nó ionstraim bharántúil a aithint nó a fhorghníomhú, sa Bhallstát iarrtha.

2. Déanfar, áfach, breithiúnais arna dtabhairt tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Ballstát tionscnaimh agus an Ballstát iarrtha, i gcás imeachtaí arna dtionscnamh roimh an dátasin, a aithint agus a fhorghníomhú i gcomhréir le forálacha Theideal III má bhí dlínse bunaithe ar rialacha a bhí i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear i dTeideal II den Choinbhinsiún seo nó i gcoinbhinsiún arna thabhairt i gcrích idir an Ballstát tionscnaimh agus an Ballstát iarrtha agus a bhí i bhfeidhm nuair a tionscnaíodh na himeachtaí.

TEIDEAL V

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 38

Gaol le Coinbhinsiúin eile

1. Faoi réir fhorálacha Airteagail 37, 40 agus mhír 2 den Airteagal seo, gabhfaidh an Coinbhinsiún seo, i gcás na mBallstát is páirtithe ann, ionad coinbhinsiún arna dtabhairt i gcrích idir dhá Bhallstát nó níos mó atá ann tráth an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm agus a bhaineann le hábhair atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún seo.

2. (a) Tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 47 a thabhairt, beidh ag an Danmhairg, ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn an rogha a dhearbhú go mbeidh feidhm, go hiomlán nó go páirteach, ag Coinbhinsiún an 6 Feabhra 1931 idir an Danmhairg, an Fhionlainn, an Íoslainn, an Iorua agus an tSualainn a chuimsíonn forálacha den dlí príobháideach idirnáisiúnta maidir le pósadh, uchtáil agus caomhnóireacht, maille leis an bPrótacal Críochnaitheach a ghabhann leis, ina gcaidreamh frithpháirteach, in ionad rialacha an Choinbhinsiúin seo. Féadfar an dearbhú sin a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach tráth ar bith.

(b) Urramófar prionsabal an neamh-idirdhealaithe de bhíthin náisiúntachta idir saoránaigh an Aontais agus déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais faireachán air, i gcomhréir leis na himeachtaí atá leagtha síos sa Phrótacal maidir le léiriú ar an gCoinbhinsiún ag an gCúirt Bhreithiúnais.

(c) Beidh na rialacha dlínse in aon Chomhaontú a thabharfar i gcrích amach anseo idir na Ballstáit dá dtagraítear in (a) agus a bhaineann le hábhair atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún ar aon dul leis na rialacha atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo.

(d) Breithiúnais arna dtabhairt faoi fhóram dlínse a fhreagraíonn do cheann de na fóraim atá leagtha síos i dTeideal II den Choinbhinsiún seo in aon cheann de na Stáit Nordacha atá éis an dearbhú dá bhforáiltear in (a) a dhéanamh, déanfar iad a aithint agus a fhorghníomhú sna Ballstáit eile foai na rialacha atá leagtha síos i dTeideal III de.

3. Tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm, ní fhéadfaidh Ballstáit comhaontuithe a thabhairt i gcrích ná a chur i bhfeidhm eatarthu féin ach amháin chun forálacha an Choinbhinsiúin seo a fhorlíonadh nó chun cur i bhfeidhm na bprionsabal atá ann a éascú.

4. Cuirfidh Ballstáit chuig taiscí an Choinbhinsiúin seo:

(a) cóip de na comhaontuithe agus na dlíthe comhionanna á gcur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2 (a) agus (c) agus 3;

(b) aon séantaí nó leasuithe ar na comhaontuithe nó ar na dlíthe comhionanna sin.

Airteagal 39

Gaol le Coinbhinsiúin Iltaobhacha áirithe

Sa chaidreamh idir na Ballstáit is páirtithe ann, beidh tosaíocht ag an gCoinbhinsiún seo ar na Coinbhinsiúin seo a leanas a mhéad a bhaineann siad la hábhair atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún seo:

— Coinbhinsiún na Háige an 5 Deireadh Fómhair 1961 ar chumhachtaí údarás agus an dlí is infheidhme i leith mionaoisigh a chosaint,

— Coinbhinsiún Lucsamburg an 8 Meán Fómhair 1967 ar aithint cinntí a bhaineann le bailíocht phóstaí,

— Coinbhinsiún na Háige an 1 Meitheamh 1970 ar aithint colscarthaí agus idirscarthaí dlíthiúla,

— Coinbhinsiún Eorpach an 20 Bealtaine 1980 ar aithint agus forghníomhú cinntí maidir le coimeád leanaí agus ar choimeád leanaí a athbhunú,

— Coinbhinsiún na Háige an 19 Deireadh Fómhair 1996 ar dhlínse, dlí infheidhme, aithint, forghníomhú agus comhar i leith freagrachta tuismitheora agus bearta chun leanaí a chosaint, ar choinníoll go bhfuil gnáthchónaí ag an leanbh i dtrácht i mBallstát.

Airteagal 40

Raon na n-éifeachtaí

1. Leanfaidh na comhaontuithe agus na Coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagail 38 agus 39 d'éifeacht a bheith acu maidir le hábhair nach bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir leo.

2. Leanfaidh siad d'eifeacht a bheith acu i leith breithiúnas arna dtabhairt agus doiciméad arna dtarraingt suas go foirmiúil nó arna gclárú mar ionstraimí barántúla roimh theacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo.

Airteagal 41

Comhaontuithe idir Ballstáit

Gan dochar do na forais le neamhaithint dá bhforáiltear i dTeideal III, déanfar breithiúnais arna dtabhairt de bhun na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 38 (3) a aithint agus a fhorghníomhú i mBallstáit nach páirtithe sna comhaontuithe sin ar choinníoll gur tugadh na breithiúnais sin i bhfóram atá comhchuí le fóram dá bhforáiltear i dTeideal II.

Airteagal 42

Conarthaí leis na gCathaoir Naofa

1. Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo gan dochar don Chonradh Idirnáisiúnta (Concordáid) idir an Chathaoir Naofa agus Poblacht na Portaingéile, a síníodh i gCathair na Vatacáine ar an 7 Bealtaine 1940.

2. Déanfar aon bhreith maidir le neamhbhailíocht phósta arna tabhairt faoin gConradh dá dtagraítear i mír 1 a aithint sna Ballstáit faoi na coinníollacha atá leagtha síos i dTeideal III den Choinbhinsiún seo.

3. Beidh feidhm freisin ag na coinníollacha atá leagtha síos i míreanna 1 agus 2 maidir leis na Conarthaí Idirnáisiúnta (Concordáid) seo a leanas leis na gCathaoir Naofa:

— *Concordato lateranense* an 11 Feabhra 1929 idir Poblacht na hIodáile agus an Chathaoir Naofa, arna mhodhnú leis an gcomhaontú maille le prótacal breise a síníodh sa Róimh ar an 18 Feabhra 1984,

— Comhaontú an 3 Eanáir 1979 idir an Chathaoir Naofa agus Stát na Spáinne maidir le cúrsaí dlí.

4. Cuirfidh Ballstáit chuig taiscí an Choinbhinsiúin seo:

(a) cóip de na Conarthaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3;

(b) aon séantaí nó leasuithe ar na Conarthaí sin.

Airteagal 43

Neamhathaint agus neamhfhorghníomhú breithiúnas arna mbunú ar Airteagal 8

Ní choiscfidh an Coinbhinsiún seo Ballstát ar oibleagáid a ghabháil air féin i leith Stát nach Ballstát, i gcoinbhinsiún maidir le breithiúnais a aithint agus a fhorghníomhú, gan breithiúnas a aithint arna thabhairt i mBallstát eile más rud é, i gcásanna dá bhforáiltear in Airteagal 8, nárbh fhéidir an breithiúnas a fhothú ar fhorais dlínse seachas na forais atá sonraithe in Airteagail 2 go 7.

Airteagal 44

Ballstáit a bhfuil dhá chóras dlí nó níos mó acu

I dtaca le Ballstát ina bhfuil feidhm in aonaid chríochacha éagsúla ag dhá chóras dlí nó níos mó nó dhá shraith rialacha nó níos mó a bhaineann le hábhair atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún seo:

(a) is tagairt do ghnáthchónaí in aonad críochach aon tagairt do ghnáthchónaí sa Bhallstát sin;

(b) is tagairt don aonad críochach arna ainmniú faoi dhlí an Stáit sin aon tagairt do náisiúntacht;

(c) aon tagairt á rá go bhfuair an t-údarás de chuid Ballstáit iarratas ar cholscaradh nó ar imscaradh dlíthiúil nó ar phósadh a neamhniú, is tagairt í d'údarás an aonaid chríochaigh a fuair iarratas den sórt sin;

(d) is tagairt do rialacha an aonaid chríochaigh ina ndéantar dlínse, aithint nó forghníomhú a agairt aon tagairt do rialacha an Bhallstáit iarrtha.

TEIDEAL VI

AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS

Airteagal 45

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialuithe a thabhairt ar léiriú ar an gCoinbhinsiún seo i gcomhréir le forálacha an Phrótacail arna dhréachtú le Gníomh ón gComhairle an 28 Bealtaine 1998.

TEIDEAL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 46

Dearbhuithe agus forchoimeádais

1. Gan dochar d'Airteagail 38 (2) agus 42, ní bheidh an Choinbhinsiún seo faoi réir forchoimeádais ar bith.

2. D'ainneoin mhír 1, oibreoidh an Coinbhinsiún faoi réir na ndearbhuithe arna ndéanamh ag Éirinn agus ag an Iodáil atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún seo.

3. Féadfaidh an Ballstát i dtrácht, tráth ar bith, dearbhú atá déanta aige a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach. Scoirfidh aon dearbhú den sórt sin d'éifeacht a bheith aige 90 lá tar éis don fhógra a bheith tugtha don taiscí maidir lena tharraingt siar.

Airteagal 47

Glacadh agus teacht i bhfeidhm

1. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don taiscí go bhfuil na rialacha bunreachtúla chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh comhlíonta acu.

3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo agus aon leasú air dá dtagraítear in Airteagal 49 (2) i bhfeidhm 90 lá tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tughta ag an Stát is Ballstát den Aontas Eorpach tráth na Comhairle do ghlacadh an Ghnímh ag dréachtú an Choinbhinsiúin seo is déanaí a chomhallfaidh an fhoirmiúlacht sin.

4. Go dtí go dtiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt nó ar aon dáta níos déanaí, a dhearbhú go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo, seachas Airteagal 45 de, a mhéad a bhaineann leis ina chaidreamh leis na Ballstáit a mbeidh an dearbhú céanna déanta acu. Beidh feidhm ag na dearbhuithe sin 90 lá tar éis dáta a dtaiscthe.

Airteagal 48

Aontachas

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt d'aontachas aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.

2. Is téacs údarásach téacs an Choinbhinsiúin seo i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag an gComhairle.

3. Déanfar na hionstraimí aontachais a thaisceadh leis an taiscí.

4. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i leith aon Bhallstát a aontaíonn dó 90 lá tar éis a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Choinbhinsiúin a theacht i bhfeidhm, mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm cheana tráth na tréimhse 90 lá thuasluaite a dhul in éag.

5. I gcás nach mbeidh an Coinbhinsiún seo tagtha i bhfeidhm tráth a n-ionstraimí aontachais a thaisceadh, beidh feidhm ag Airteagal 47 (4) maidir leis na Ballstáit aontacha.

Airteagal 49

Leasuithe

1. Féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo a mholadh. Cuirfear gach togra do leasú chuig an taiscí agus cuirfidh seisean ar aghaidh chuig an gComhairle é.

2. Tarraingeoidh an Chomhairle suas na leasuithe agus molfaidh sí iad lena nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Tiocfaidh na leasuithe arna nglacadh amhlaidh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 47 (3).

3. Ar a shon sin, arna iarraidh sin don Bhallstát i dtrácht, féadfar ainmniú na gcúirteanna nó na meán achomhairc dá dtagraítear in Airteagail 21 (1), 26 (1) agus (2), 28 (1) agus 29 a leasú le cinneadh ón gComhairle.

Airteagal 50

Taiscí agus foilsiú

1. Is é Ardrúnaí na Comhairle taiscí an Choinbhinsiúin seo.

2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach:*

(a) faisnéis maidir leis an gCoinbhinsiún seo a ghlacadh agus aontachais leis;

(b) dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm;

(c) na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagail 2 (2), 38 (2), 46, 47 (4) agus 48 (5), maille le faisnéis maidir leis na dearbhuithe sin a mhodhnú nó a tharraingt siar;

(d) na leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo dá dtagraítear in Airteagal 49 (2) agus (3).

En fe de lo cual los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Convenio.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne konvention.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschrift unter dieses Übereinkommen gesetzt.

Σε πίστωση των ανωτέρω, οι υπογράφοντες πληρεξούσιοι έθεσαν την υπογραφή τους κάτω από την παρούσα σύμβαση.

In witness whereof, the undersigned Plenipotentiaries have signed this Convention.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas de la présente convention.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

In fede di che i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce alla presente convenzione.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit verdrag hebben gesteld.

Em fé do que, os plenipotenciários abaixo-assinados apuseram as suas assinaturas no final da presente convenção.

Tämän vakuudeksi alla mainitut täysivaltaiset edustajat ovat allekirjoittaneet tämän yleissopimuksen.

Till bekräftelse härav har undertecknade befullmäktigade ombud undertecknat denna konvention.

Hecho en Bruselas, el veintiocho de mayo de mil novecientos noventa y ocho, en un ejemplar único en lenguas alemana, danesa, española, finesa, francesa, griega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa y sueca, siendo cada uno de estos textos igualmente auténtico, que se depositará en los archivos de la Secretaría General del Consejo de la Unión Europea.

Udfærdiget i Bruxelles, den otteogtyvende maj nitten hundrede og otteoghalvfems, i ét eksemplar på dansk, engelsk, finsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk, svensk og tysk, idet hver af disse tekster har samme gyldighed; de deponeres i arkiverne i Generalsekretariatet for Rådet for Den Europæiske Union.

Geschehen zu Brüssel am achtundzwanzigsten Mai neunzehnhundertachtundneunzig in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, finnischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer, schwedischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; die Urschrift wird im Archiv des Generalsekretariats des Rates der Europäischen Union hinterlegt.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι οκτώ Μαΐου χίλια εννιακόσια ενενήντα οκτώ, σε ένα μόνο αντίτυπο στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική, πορτογαλική, σουηδική και φινλανδική γλώσσα. Έκαστο κείμενο είναι εξίσου αυθεντικό, το δε πρωτότυπο αυτό κατατίθεται στα αρχεία της Γενικής Γραμματείας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης.

Done at Brussels on the twenty-eighth day of May in the year one thousand nine hundred and ninety-eight, in a single original, in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, each text being equally authentic, such original being deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union.

Fait à Bruxelles, le vingt-huit mai mil neuf cent quatre-vingt-dix-huit, en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, finnoise, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise, portugaise et suédoise, les textes établis dans chacune de ces langues faisant également foi, exemplaire qui est déposé dans les archives du secrétariat général du Conseil de l'Union européenne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ar an ochtú lá is fiche de Bhealtaine sa bhliain míle naoi gcéad nócha a hocht, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Fatto a Bruxelles, addì ventotto maggio millenovecentonovantotto, in unico esemplare in lingua danese, finlandese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola, svedese e tedesca, ciascun testo facente ugualmente fede; l'esemplare è depositato negli archivi del Segretariato generale del Consiglio dell'Unione europea.

Gedaan te Brussel, de achtentwintigste mei negentienhonderd achtennegentig, in één exemplaar in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Finse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse, de Portugese, de Spaanse en de Zweedse taal, zijnde alle teksten gelijkelijk authentiek, dat wordt nedergelegd in het archief van het Secretariaat-generaal van de Raad van de Europese Unie.

Feito em Bruxelas, em vinte e oito de Maio de mil novecentos e noventa e oito, em exemplar único, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, finlandesa, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa e sueca, fazendo igualmente fé cada um dos textos, ficando esse exemplar depositado nos arquivos do Secretariado-Geral do Conselho da União Europeia.

Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäkahdeksantena päivänä toukokuuta vuonna tuhatyhdeksänsataayhdeksänkymmentäkahdeksan englannin, espanjan, hollannin, iirin, italian, kreikan, portugalin, ranskan, ruotsin, saksan, suomen ja tanskan kielellä yhtenä kappaleena, jonka jokainen teksti on yhtä todistusvoimainen ja joka talletetaan Euroopan unionin neuvoston pääsihteeristön arkistoon.

Som skedde i Bryssel den tjugoåttonde maj nittonhundranittioåtta i ett enda exemplar på danska, engelska, finska, franska, grekiska, iriska, italienska, nederländska, portugisiska, spanska, svenska och tyska språken, varvid varje text äger samma giltighet, och detta exemplar skall deponeras i arkiven hos generalsekretariatet för Europeiska unionens råd.

Pour le gouvernement du Royaume de Belgique

Voor de regering van het Koninkrijk België

Für die Regierung des Königreichs Belgien



For regeringen for Kongeriget Danmark



Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland



Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España



Pour le gouvernement de la République française



Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland



Per il governo della Repubblica italiana



Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg



Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Regierung der Republik Österreich



Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



DEARBHÚ Ó ÉIRINN, ATÁ LE CUR I gCEANGAL LEIS AN gCOINBHINSIÚN

D'ainneoin fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, féadfaidh Éire an dlínse a choimeád ar bun atá aici chun diúltú colscaradh a fuarthas i mBallstát eile a aithint nuair a fuarthas an colscaradh sin de bhrí go ndearna an páirtí nó na páirtithe cúirt an Stáit i dtrácht a chur a míthreoir d'aon turas i ndáil lena ceanglais dlínse ar dhóigh nach mbeadh an colscaradh a aithint ag luí le Bunreacht na hÉireann.

Beidh feidhm ag an dearbhú seo ar feadh cúig bliana. Féadfar é a athnuachan gach cúig bliana.

DEARBHÚ, ATÁ LE CUR I gCEANGAL LEIS AN gCOINBHINSIÚN, Ó AON CHEANN DE NA BALLSTÁIT NORDACHA ATÁ I dTEIDEAL DEARBHÚ A DHÉANAMH DE RÉIR BHRÍ AIRTEAGAL 38 (2)

Tá cur i bhfeidhm Choinbhinsiún an 6 Feabhra 1931 idir an Danmhairg, an Fhionlainn, an Íoslainn, an Iorua agus an tSualainn a chuimsíonn forálacha den dlí príobháideach idirnáisiúnta maidir le pósadh, uchtáil agus caomhnóireacht, maille leis an bPrótacal Críochnaitheach a ghabhann leis, ar aon dul le hAirteagal K.7 den Chonradh sa mhéid nach gcoisceann an Coinbhinsiún comhar níos dlúithe idir dhá Bhallstát nó níos mó a mhéad nach bhfuil an comhar sin ina shárú ná ina bhac ar an gcomhar dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún.

Gabhann siad orthu féin gan Airteagal 7 (2) de Chomhaontú Nordach 1931 a chur i bhfeidhm a thuilleadh ina gcaidreamh frithpháirteach agus na rialacha dlínse is infheidhme faoi chuimsiú an Chomhaontaithe sin a athbhreithniú go luath i bhfianaise an phrionsabail atá leagtha amach in Airteagal 38 (2) (b) den Choinbhinsiún.

Déantar na forais le haghaidh diúltú a úsáidtear i gcomhthéacs na ndlíthe comhionanna a chur i bhfeidhm iarbhír a dhóigh atá comhchuí leis na forais atá leagtha síos i dTeideal III den Choinbhinsiún seo.

DEARBHÚ Ó THOSCAIREACHT NA hIODÁILE, ATÁ LE CUR I gCEANGAL LEIS AN gCOINBHINSIÚN

I dtaca le hAirteagal 42 den Choinbhinsiún, forchoimeádann an Iodáil an ceart, i leith breithiúnas ó chúirteanna eaglasta na Portaingéile, na nósanna imeachta a ghlacadh agus na seiceálacha a dhénamh dá bhforáiltear ina chóras dlí féin i leith breithiúnas comhchosúil ó cúirteanna eaglasta, ar bhonn na gcomhaontuithe atá tugtha i gcrích aici leis an gCathaoir Naofa.
